Ecce homo
Author(s): Tadhg Ó Dúshláine
Source: *The Poetry Ireland Review*, No. 90 (2007), pp. 40-41
Published by: Poetry Ireland
Stable URL: http://www.jstor.org/stable/25578300
Accessed: 27-06-2018 12:05 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at http://about.jstor.org/terms

*Poetry Ireland* is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *The Poetry Ireland Review*

This content downloaded from 149.157.61.215 on Wed, 27 Jun 2018 12:05:44 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

## Tadhg Ó Dúshláine

### ECCE HOMO

'A gcualaís', arsa bean na nGort nDubh
liom an tseachtain seo d'imigh tharainn,
'faoin bhfear sa Daingean,
ag stad an bhus,
laistiar de Super-Valu,
is é ag gol ó mhaidin inné,
is n'fheadar aoinne canathaobh?'

'Tá Fungi curtha in áit na leathphingne aige,
is titim shuntasach sa scuaine atá ag tarrac ar an nDomhan fó Thoinn.
Tá an Maor Tráchta ag dul le craobhacha i lár an tranglaim
Is caithfear é a chur go Cill Airne.'

'Léigh an sagart paróiste aifreann glanta na ndeamhan
Is chroith uisce coisreachan air, ó bhaitheas go bonn
Ach ní raibh go fiú comaoin an spideoigín de mhaitheas ann.'

'Maíonn daoine áirithe go bhfacthas luan naofa os a chionn
Deir na dochtúirí go mba cheart ligean don ainniseoir bocht,
Gearánann lucht na hurdaí gurdaíos go bhfuil an bhean feasa
aithnidiúil
Madame Zodiac, fágtha díomhaoin ag an seó bóthair seo ar fad.'

'Chuir An Saol ó Dheas agallamh ar scata saineolaithe
caointeoireachta
Ó ollscoileanna oirdhearca ár dtíre,
Faoin bhfeineiméin eitneolaíochta seo,
Ach fós táimid chomh dall is a bhíomar riamh
Ar fhios fátha na taispeána:
Cé hé, cad é, ná canathaobh?'

'Ní chuireann ná ní bhaineann
Lucht gaimbín ná ceamaraí dá racht goil,
Nach tocht linbh, ná olagón seanóra, ná sianaíl mná sí é,
Ach glothar diamhair dínitiúil,
A thugann sunc don gcoinsias
A chuireann ceann fé ar gach aoinne
Is fonn abhaile orthu le náire.'



This content downloaded from 149.157.61.215 on Wed, 27 Jun 2018 12:05:44 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms

'Ní raghaidh na Gardaí in aon ghaobhar dó
Faoi mar a bheidís faoi gheasa
Ina staic ag an dtimpeallán,
Eagla orthu go ndéanfaidís sárú tearmainn
A tharraingeodh mallacht ar sheacht nglún dá muintir.'

'Shín seanbhean lámh chúnta go cineálta ina threo
Is faoi mar theagmhaigh leis thug féith na caointeoireachta léi,
D'fhág ina diaidh a cip is a meanaithí is bhailigh léi siar abhaile.'

'Tá scata anois ag caoineadh i triúin le chéile
Is scata eile fós ná caoineann ar eagla a chéile.
Beag beann orthu go léir éiríonn fear an nuallghubha as,
Cuimlíonn a aghaidh lena chiarsúr
Siúlann ag breá socair tríd an slua
Is éalaíonn óna lucht leanúna siar i ndiaidh na gréine.'

Ní raibh de scéala ón nDaingean an tseachtain seo
Ag bean na nGort nDubh
Ach go raibh fear na caointeoireachta éirithe as
Chomh neafaiseach le fear na dtrí cártaí ag ráiseanna Fionn Trá.
Ach dúirt fós go mbraith sí féin beagáinín athraithe
Faoi mar bhraith sí tar éis teacht abhaile ó Lourdes
Ach nár dhóigh léi go mairfeadh sé.

Agus n'fheadar aoinne fós ná ó shin
Canathaobh ná aon ní mar gheall air
Ach go bhfuil an magadh tagtha go leaba an dáiríre.

Buaiteoir, Duais Cholmcille, Féile Idirnáisiúnta Filíochta Bhéal Átha na mBuillí 2007



This content downloaded from 149.157.61.215 on Wed, 27 Jun 2018 12:05:44 UTC
All use subject to http://about.jstor.org/terms